Bratach na Scoile Gníomhaí

Oifigeach Forbartha - Iar-bhunscoil

Léargas Ginearálta
Tionscnamh de chuid na Roinne Oideachais is ea an Bhratach Scoile Gníomhaí, arna chomh-mhaoiniú ag an Roinn Sláinte - Éire Shláintiúil. Tá sé mar aidhm ag an gclár '*níos mó scoileanna, níos gníomhaí, níos minice*' a fháil . Cuimsíonn an tionscnamh seo Clár na mBratach Scoile Gníomhaí Bunscoile, atá seanbhunaithe, agus freisin Iar-bhunscoil na Brataí Scoile Gníomhaí (ASFPP), atá á forbairt le roinnt blianta anuas, i gcomhar le hiar-bhunscoileanna píolótacha agus le foireann taighde ó Ollscoil Luimnigh.
Cuireann ASFPP '*gníomhaíocht choirp ar mhaithe le folláine chun cinn, ag baint úsáide as cur chuige scoile uile, atá nasctha go docht le guth na ndaltaí agus le ceannaireacht na ndaltaí '.* Tuilleadh eolais faoin Bhratach Scoile Gníomhaí anseo.

Is iad seo a leanas na réimsí tosaíochta do na blianta amach romhainn:

1. Fás agus leathnú an chláir laistigh den earnáil bhunscolaíochta.
2. Clár Iar-bhunscoil na Brataí Scoile Gníomhaí (ASFPP) a chur i gcrích ar bhonn píolótach, a sheoladh agus a rolladh amach de réir a chéile.

Sainchuntas Poist & Nótaí

Oifigeach Forbartha na Brataí Scoile Gníomhaí – Iar-bhunscoil

Áirítear ar dhualgais na nithe seo a leanas:

Tacú leis an gClár

- Tacú le Stiúrthóir Ionad Tacaíochta Oideachais Mhaigh Eo agus Comhordaitheoir Náisiúnta na Brataí Scoile Gníomhaí maidir leis an mBratach Scoile Gníomhaí a chur chun cinn ag leibhéal na hiar-bhunscoile.
- Idirchaidreamh a dhéanamh agus comhoibriú le baill eile den fhoireann, chun comhtháthú, comhsheasmhacht agus cáilíocht a chinntiú ar fud gach gné den chlár.
- Meantóirí Iar-bhunscoile na Brataí Scoile Gníomhaí a bhainistiú agus tacú leo, lena n-áirítear oiliúint a chur ar bhaill foirne nua.
- Oibriú le foirne taighde agus le meastóirí seachtracha eile an chláir.

- Freagrachtaí eile a ghlacadh de réir mar is gá ó am go ham de réir riachtanais agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, de réir mar a shannann foireann ceannaireachta na Brataí Scoile Gníomhaí.
- Taifid a choinneáil ar gach gníomhaíocht oibre agus tuairiscí rialta a chur ar fáil do na ceannairí sinsearacha ábhartha.

Ag Tacú le Scoileanna

- Seimineáir ghréasáin faisnéise agus tacaíochta a dhearadh, a éascú agus a sheachadadh do scoláirí, do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile.
- Pobal foghlama gairmiúla a éascú inar féidir le scoileanna atá rannpháirteach sa chlár a gcuid foghlama a roinnt
- Tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna, de réir mar is gá.
- Tacú le scoileanna guth na scoláirí agus ceannaireacht na scoláirí a úsáid ar bhealach fiúntach, chun gníomhaíocht choirp a chur chun cinn agus a mhéadú ina scoil.
- Bealaí cumarsáide a chothabháil agus a leathnú le scoileanna (nuashonruithe ríomhphoist, nuachtlitreacha míosúla, na meáin shóisialta srl.)
- Eiseamláirí den chleachtas is fearr, den nuálaíocht agus den chomhoibriú a aithint agus a thaispeáint.

Tionscnaimh, Acmhainní agus Tacaíochtaí

- Tionscnaimh agus acmhainní a dhearadh agus a fhorbairt chun gníomhaíocht choirp a chur chun cinn i scoileanna.
- Tionscnaimh a dhearadh agus a fhorbairt a thacaíonn le gníomhaíocht choirp a chomhtháthú le teagasc agus foghlaim, m.sh. Dúshlán Rith Timpeall na hEorpa
- Tionscnaimh agus acmhainní a dhearadh agus a fhorbairt a chuireann ceannaireacht daltaí chun cinn maidir le gníomhaíocht choirp.
- Guth na nDaltaí a úsáid i ndearadh agus i bhforbairt tionscnamh agus acmhainní.
- Acmhainní agus tacaíochtaí atá ann cheana a athbhreithniú agus a nuashonrú.
- Ábhar reatha a nuashonrú agus ábhar nua gréasánbhunaithe a fhorbairt.

Fógraíocht

- Ionadaíocht a dhéanamh ar an Bhratach Scoile Gníomhaí ag imeachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag cur chun cinn, ag líonrú agus ag cur os comhair an phobail thar ceann an chláir.
- An Bhratach Scoile Gníomhaí a chur chun cinn i dtaca le hInstitiúidí Tríú Leibhéal, Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann, Líonraí Gairmiúla, Comhlachtaí Tuismitheoirí agus eagraíochtaí ábhartha eile.
- Naisc a bhunú agus a neartú le heagraíochtaí Spóirt lena n- áirítear Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Oifigigh Forbartha um Chuimsiú Spóirt, chun tacú le gníomhaíocht choirp a chur chun cinn i Scoileanna.

Riachtanais an Iarrthóra

Go hidéalach, beidh na nithe seo a leanas ag an iarrthóir a n-éireoidh leo:

- Cur amach ar an gclár Bratach Scoile Gníomhaí.
- Taithí ar chlár na Brataí Scoile Gníomhaí agus/nó tionscnaimh gníomhaíochta coirp a chur i bhfeidhm ag leibhéal na scoile uile.
- Taithí ar leas a bhaint as guth an dalta agus ceannaireacht an dalta a chur chun cinn.
- Réimse taithí teagaisc le heolas críochnúil ar an gcóras Oideachais i gcoitinne, ar straitéisí éifeachtacha teagaisc foghlama agus measúnaithe, agus tuiscint ar an réimse leathan comhthéacsanna scoile ina bhfeidhmíonn an clár.
- Tuiscint den scoth ar an Ráiteas Polasaí Folláine agus ar an gCreat Cleachtais, ar Fhéinmheastóireacht Scoile agus ar phríomhbheartais agus ar phríomhphróisis eile.
- Paisean agus spéis i réimse éagsúil deiseanna gníomhaíochta coirp a chur chun cinn i scoileanna, ag díriú ar rannpháirtíocht agus ar chuimsiú do chách, bunaithe ar thaighde ábhartha nuair atá sé ar fáil agus ar dhea-chleachtas.
- Bheadh cáilíocht Corpoideachais ina bhuntáiste, ach ní riachtanas é don ról seo.

Ba cheart d'iarrthóirí a bheith in ann an méid seo a leanas a léiriú freisin:

- Sárscileanna idirphearsanta, cumarsáide, éascaithe agus cur i láthair.
- Sárscileanna ceannaireachta, eagrúcháin, bainistíochta agus Teicneolaíochtaí Digiteacha.
- Cur chuige fiontraíoch agus nuálach i leith tascanna.
- An cumas obair daoine eile a eagrú agus a chomhordú go réamhghníomhach.
- An cumas oibriú go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann.
- An cumas sonraí a thiomsú agus tuarascálacha a scríobh.
- Tuiscint ar ról an taighde chun bonn eolais a chur faoin dea - chleachtas.
- Beidh taithí ar mhúineadh trí Ghaeilge, líofacht sa teanga agus toilteanas obair trí theanga na Gaeilge ina bhuntáiste don phost seo ach níl sé riachtanach.

Tá solúbthacht ina príomhghné den ról chun freastal ar riachtanais chlár na Brataí Scoile Gníomhaí, agus mar sin áireofar leis toilteanas tabhairt faoi thaisteal agus/nó obair thráthnóna de réir mar a d'fhéadfadh a bheith réasúnach agus riachtanach chun dualgais a chomhlíonadh go cuí faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos san Acht um Eagrú Ama Oibre 1997.

Sonraí Fostaíochta

Suíomh

- Tabharfar iarrthóirí a n-éireoidh leis/léi ar iasacht chuig Ionad Tacaíochta Oideachais Mhaigh Eo - an bonn riaracháin don Bhratach Scoile Gníomhaí, agus tuairisceoidh sé/sí do Chomhordaitheoir Náisiúnta an chláir Brat Scoile Gníomhaí agus do Stiúrthóir Ionad Tacaíochta Oideachais Mhaigh Eo.
- Ní riachtanas é go bhfuil na hOifigigh Forbartha Ionnaithe in Ionad Tacaíochta Oideachais Mhaigh Eo. Mar sin féin, beidh air/uirthi taisteal ann ar ócáidí do chruinnithe foirne, laethanta oiliúna srl agus chuig láithreacha eile de réir mar is gá.
- Beidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi a c(h)óir iompair féin a bheith aige/aici agus ceadúnas tiomána iomlán a bheith aige/aici agus a choinneáil.
- Beidh rátaí taistil agus cothabhála na seirbhíse poiblí i bhfeidhm agus ríomhfar iad ó d'oifig bhaile.

Cáilitheacht

- Tá an post seo oscailte do gach múinteoir/ceannaire scoile cáilithe a bhfuil post aitheanta acu i scoil aitheanta.
- Beidh na hiasachtaí de réir théarmaí Chiorclán Iasachta na RO – 0029/2018 faoi láthair.
- Ceapfar iarrthóirí a n - éireoidh leo ar bhonn iasachta ar feadh scoilbhliana amháin, faoi réir tréimhse phromhaidh trí mhí a bheith curtha i gcrích go sásúil.
- Tá an iasacht faoi réir athbhreithniú bliantúil ag an mBratach Scoile Gníomhaí agus freisin faoi réir fhaomhadh an údaráis scoile/an Bhoird Bainistíochta agus na Roinne Oideachais ábhartha.

Smachtbhanna na Roinne Oideachais

- Tá gach ceapachán faoi réir chead na Roinne Oideachais.
- Ní féidir aon tairiscint cheapacháin chinntitheach a dhéanamh sula dtugtar cead.

Conradh

- Ceanglófar ar gach iarrthóir rathúil conradh iasachta a shíniú, a dhéanfaidh foráil do phróiseas feidhmíochta agus forbartha atá ag dul ar aghaidh.

Eile

- Tá gach ceapachán faoi réir fianaise ar imréiteach Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus fianaise go bhfuil taifead saoire breoiteachta sásúil á chur ar fáil ag an iarrthóir rathúil d'Ionad Tacaíochta Oideachais Mhaigh Eo.
- Tá gach ceapachán faoi réir teistiméireachtaí sásúla, lena n-áirítear ó fhostóir reatha an iarratasóra.

- Coimeádann Ionad Tacaíochta Oideachais Mhaigh Eo, i gcomhairle leis an Roinn Oideachais, an ceart an post a athfhógairt sa chás go measann sé nach bhfuil dóthain iarratasóirí incháilithe ann. Cuirfear iarratasóirí incháilithe ar an eolas agus tabharfar an rogha dóibh a n-iarratas a fhágáil ar comhad.
- Oibreoidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi go heisiach d'Ionad Tacaíochta Oideachais Mhaigh Eo/do Bhratach Scoile Gníomhaí agus ní fhéadfaidh sé/sí fostaíochtaí eile a ghlacadh ar feadh tréimhse a gconartha gan an cead cuí a fháil.
- Na huaireanta oibre de réir mar is gá chun do chuid feidhmeanna agus dualgas a chomhlíonadh de réir mar a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil go réasúnta ó am go ham. Ní bheidh an ghnáthsheachtain oibre níos lú ná 35 uair an chloig.
- Beidh teidlíocht do Shaoire Bhliantúil ar feadh thréimhse d'iasachta, den chuid is mó, ag teacht le do phost múinteoireachta. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeifí ag súil go nglacfaidh tú páirt in ullmhúchán tionscadail éigin nó in obair eile le linn an ama a dhúntar bunscoileanna nó iar-bhunscoileanna.

Tuarastal

Maidir le hiasacht tá an tuarastal do chomhairleoir de réir Chatagóir 4 mar a fhoráiltear dó le Dámhachtain Eadrána 2003 i leith múinteoirí ar iasacht, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach thíos.

Bíonn íocaíocht i gcónaí faoi réir bheartais agus rialacháin ábhartha na RO nó na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Beidh Ciorcláin Phá reatha na Roinne Oideachais i bhfeidhm – is é 0041/2023 an Ciorclán reatha.

Tá Oifigeach Forbartha (iontrálaí sa mhúinteoireacht roimh 2011) i dteideal:

- ✓ Pointe ábhartha ar Scála Bunúsach Coiteann na Múinteoirí, móide
- ✓ Liúntas bunchéime onóracha
- ✓ Liúntas Ard-Dioplóma Onóracha san Oideachas
- ✓ An liúntas caighdeánach iasachta do Chatagóir 4, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir ar Iasacht	An Post atá	Bunscála Coiteann Múinteoirí	Céim Onóracha Liúntas	Onóracha ADO Liúntas	Liúntas Caighdeánach Iasachta
4.	Oifigeach Forbartha	De réir mar is Infheidhme	€ 5,632 p.a.	€ 1,415 pa	€ 11,599 pa

Tá Oifigeach Forbartha (iontrálaí sa mhúinteoireacht tar éis 01.01.11 agus 01.02.12) i dteideal:

- ✓ Pointe ábhartha ar Scála Bunúsach Coiteann na Múinteoirí, móide
- ✓ Liúntas Ard - Dioplóma Onóracha san Oideachas, má tá liúntas den sórt sin ag an múinteoir cheana féin
- ✓ An liúntas caighdeánach iasachta do Chatagóir 4, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir ar Iasacht	An Post atá	Bunscála Coiteann Múinteoirí	Onóracha ADO Liúntas	Liúntas Caighdeánach Iasachta
4.	Oifigeach Forbartha	De réir mar is Infheidhme	€ 1,415 pa	€ 11,599 pa

Tá Oifigeach Forbartha (iar 1 Feabhra 2012 iontrálaí chun teagaisc) i dteideal:

- ✓ Pointe ábhartha ar Scála Bunúsach Coiteann na Múinteoirí, móide
- ✓ An liúntas caighdeánach iasachta do Chatagóir 4, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir ar Iasacht	An Post atá	Bunscála Coiteann Múinteoirí	Liúntas Caighdeánach Iasachta
4.	Oifigeach Forbartha	De réir mar is Infheidhme	€ 11,599 pa

Ní bheidh gach liúntas breise cáilíochta agus post freagrachta iníoctha le pearsanra ar iasacht a bhfuil na liúntais iasachta thuasshonraithe á bhfáil acu.

Tá an liúntas iasachta iníoctha fad a bheidh sé ar iasacht agus ní choinneofar é in aon cháil tar éis thréimhse na hiasachta.

Nós Imeachta Roghnúcháin

- Ba chóir foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur isteach mar cheangaltán ríomhphoist chuig recruitment@activeschoolflag.ie faoin gCéadaoin an 17 Aibreán 2024.
- Roghnófar trí agallamh iomaíoch.
- Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha.
- Bunófar coiste roghnúcháin chun gach gné den phróiseas roghnúcháin a chur i gcrích.
- D'fhéadfadh gearrliostú a bheith i gceist.
- Tá sé de fhreagracht ar na hiarrthóirí iad féin a chur ar fáil le haghaidh agallaimh ar an dáta ceaptha, má thugtar cuireadh dóibh a bheith i láthair. Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go mb'fhéidir nach mbeadh sé indéanta dáta malartach a chur ar fáil.
- Iarrfar orthu siúd a nglaofar orthu le haghaidh agallaimh cur i láthair cúig nóiméad a dhéanamh, ina dtabharfar breac-chuntas ar fhís an iarratasóra don phost.
  - An cion a d'fhéadfaidís a dhéanamh ar mhaithe leis an gClár Brataí Scoile Gníomhaí.
  - Togra le haghaidh tionscnamh gníomhaíochta coirp scoile uile, ag díriú ar rannpháirtíocht, cuimsiú agus spraoi.

- Beidh an t-agallamh seo bunaithe ar inniúlacht de réir na scileanna atá leagtha amach i gCuid 3 thuas den sainchuntas poist.
- Féadfar painéal a chur le chéile as a bhféadfar folúntais a líonadh amach anseo.
- Déanfaidh canbhasáil go díreach nó go hindíreach iarratais a dhícháiliú.
- Beidh iarrthóirí freagrach as gach costas a thabhaítear i ndáil lena n-iarratas agus lena n-agallamh.

Scaoileadh ón bPost Reatha

- Is faoi iarrthóirí rathúla atá sé comhaontú a n-údaráis scoile a dhaingniú go scaoilfear saor iad chun post a ghlacadh don tréimhse lena mbaineann.
- Beifear ag súil go mbeidh iarrthóirí a n-éireoidh leo ar fáil chun dul i mbun ceapacháin a luaithe agus is féidir. Beidh gealltanas scaoilte ó d'fhostóir ag teastáil. Ar thairiscint a fháil iarrfar ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi deimhniú a lorg láithreach óna f(h)ostóir chun aontú le scaoileadh an iarrthóra ar éirigh leis/léi de réir na foirme iarratais atá ceangailte le ciorclán na hiasachta 0029/2018, a éilíonn go mbeidh Cuid 3 den fhoirm iarratais sínithe ag Príomhoide na Scoile agus ag Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/Phríomhfheidhmeannaigh (BOO amháin).

Ceisteanna

Ba chóir aon cheisteanna maidir leis an gcáipéis seo a sheoladh ar ríomhphost chuig recruitment@activeschoolflag.ie